2024/1741

20.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1741 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meitheamh 2024

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hEastóine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 21 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1016 ([2]), lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún.

(3) An 20 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/1206 ([3]), lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún

(4) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jevgeni OSSINOVSKI a cheapadh.

(5) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Tiit TERIK a cheapadh.

(6) Mhol rialtas na hEastóine Jevgeni OSSINOVSKI, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Tallinna linnapea*, (Méara Chathair Thailinn) mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(7) Mhol Rialtas na hEastóine Tiit TERIK, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Tallinna Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Thaillinn), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Jevgeni OSSINOVSKI, Tallinna linnapea (Méara Chathair Thaillinn) (athrú sainordaithe),

agus

([1]) IO L 139, 27.5.2019,lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2022/1016 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha arna moladh ag Poblacht na hEastóine de Choiste na Réigiún (IO L 170, 28.6.2022, lch. 73).
([3]) Cinneadh (AE) 2023/1206 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha arna moladh ag Poblacht na hEastóine de Choiste na Réigiún (IO L 159, 22.6.2023, lch. 74).

b) mar chomhalta malartach:

— Tiit TERIK, *Tallinna Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Thaillinn) (athrú sainordaithe).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. DE MOOR